# 12 Seirbhís Gníomhachtaithe Fostaíochta JobPath

**12.1** De bhreis ar íocaíochtaí airgid tacaíochta ioncaim, cuireann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (an Roinn) seirbhísí gníomhachtaithe fostaíochta ar fáil do dhaoine dífhostaithe chomh maith. Is éard atá i gceist leis an ngníomhachtú fostaíochta ná cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith riachtanais an duine dhífhostaithe ach sainaithint a dhéanamh ar fhoinsí tacaíochta, seachas íocaíochtaí, amhail cúnamh ó ghníomhaireachtaí eile agus deiseanna oiliúna. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís cabhrú le daoine dífhostaithe teacht ar bhuanfhostaíocht nó ar bhuan-fhéinfhostaíocht agus an fhostaíocht sin a choinneáil.

**12.2** Luaigh an Roinn, de bharr gur tháinig méadú tobann, suntasach ar líon na ndaoine a bhí dífhostaithe le linn an chúlaithe eacnamaíochta, gur ghá gníomhachtú/tacaíocht fostaíochta ní ba dhéine a chur ar fáil d'fhonn cabhrú le cuardaitheoirí poist dífhostaithe ullmhú le haghaidh fostaíochta agus deiseanna fostaíochta a thapú ansin.

**12.3** Is é Líonra Intreo na Roinne atá freagrach as éilimh agus íocaíochtaí a phróiseáil do dhaoine dífhostaithe. Cuireann sé seirbhísí gníomhachtaithe ar fáil go príomha dóibh siúd atá dífhostaithe go gearrthéarmach — is é sin le rá, daoine atá dífhostaithe níos lú ná bliain amháin. I gcodarsnacht leis sin, is éard is JobPath ann ná cur chuige i leith gníomhachtú fostaíochta atá ceaptha tacú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (DFFT) - iad siúd atá dífhostaithe le bliain nó breis is bliain. Tosaíodh ar Sheirbhís JobPath a thabhairt isteach i lár 2015.

**12.4** Cuireann Seirbhís JobPath cúnamh praiticiúil ar fáil do chuardaitheoirí poist d'fhonn lámh chúnta a thabhairt dóibh

- sainaithint a dhéanamh ar bhacainní ar fhostaíocht agus ar réitigh le cur ar a gcumas na bacainní sin a shárú
- sainaithint a dhéanamh ar bhuanna agus scileanna atá acu i ngan fhios nó nach bhfuair aitheantas ceart roimhe seo agus ar réimsí oibre féideartha
- cuardach le haghaidh poist, CV a ullmhú agus a chur in oiriúint do chásanna ar leith agus iad féin a réiteach le haghaidh agallamh
- muinín agus inspreagadh a fhorbairt.

**12.5** Tar éis próiseas soláthair phoiblí, rinneadh conradh le dhá chuideachta le JobPath a chur ar fáil — Seetec Teoranta agus Turas Nua Teoranta. Cuireann an dá chuideachta sin seirbhísí JobPath ar fáil in dhá limistéar conartha atá ar aon dul le struchtúr rannach na Roinne.


- Seetec — An tIarthar; an Lár-Réigiún Thuaidh; an tOirthuaisceart; an tIarthuaisceart; Baile Átha Cliath Láir; Baile Átha Cliath Thuaidh; Baile Átha Cliath Theas.
- Turas Nua — Corcaigh Láir; an tOirdheisceart; Laighin Láir; an tIarthar Láir; an tIardheisceart; an Lár-Réigiún Theas.

**12.6** Sa tuarascáil seo, cuirtear faoi chaibidil an chaoi a ndéanann an Roinn monatóireacht agus tomhas ar bhaint amach chuspóirí chonradh JobPath agus ar na costais a bhaineann leis.

### *Treochtaí dífhostaíochta*

**12.7** Bhain an ráta dífhostaíochta a bhuaic amach i mí Iúil 2011, tráth a raibh beagnach 470,000 duine ar an mbeochlár. Bhí líon na ndaoine ar an mbeochlár laghdaithe go 236,000 duine faoi dheireadh 2017, agus laghdaithe arís go 228,000 faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2018. Tá leagtha amach i bhFíor 12.1 an beochlár de réir fhad ama na dífhostaíochta don tréimhse ó 2013 go 2017.

**Fíor 12.1 An beochlár de réir fhad ama na dífhostaíochta, ag deireadh bliana 2013 go 2017**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**12.8** Tháinig laghdú 45% ar líon na ndaoine a bhí rangaithe mar dhífhostaithe go fadtéarmach (dífhostaithe ar feadh breis is bliain) idir deireadh 2013 agus deireadh 2017.

### *Catagóiriú cuardaitheoirí poist agus iad a roghnú le hatreorú*

**12.9** Tá léirithe i bhFíor 12.2 an catagóiriú a n-úsáideann an Roinn é le cuardaitheoirí poist a shrathú bunaithe ar cé chomh fada atá siad ag fáil íocaíochtaí tacaíochta ioncaim.

**12.10** Thosaigh an Roinn ag atreorú cuardaitheoirí poist a bhí i ngrúpaí 1 go 4 chuig na soláthraithe seirbhíse de chuid JobPath i mí Iúil 2015. Cuireadh tús le hatreorú na gcuardaitheoirí poist i ngrúpa 5 i mí na Samhna 2016. Na cuardaitheoirí poist siúd a bhí catagóirithe i ngrúpa 6 nó ní b'airde, ní raibh aon duine acu atreoraithe faoi dheireadh mhí an Mhárta 2018.

**Fíor 12.2 Catagóiriú cuardaitheoirí poist**

| Grúpa | Cuardaitheoirí poist atá ag fáil íocaíocht tacaíochta ioncaim |
|---|---|
| 1 | ag dul thar an tairseach 12 mhí |
| 2 | dífhostaithe ar feadh níos mó ná bliain ach níos lú ná dhá bhliain |
| 3 | dífhostaithe ar feadh dhá bhliain nó níos mó ach níos lú ná trí bliana |
| 4 | dífhostaithe ar feadh trí bliana nó níos mó |
| 5 | i bhfostaíocht pháirtaimseartha agus ag iarraidh fostaíocht lánaimseartha a fháil |
| 6 | dífhostaithe níos lú ná 12 mhí ach meastar go bhfuil an té ar na 5% is dóichí a bheidh dífhostaithe go fadtéarmach. |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

### *Feidhmiú na Seirbhíse*

**12.11** Roghnaíonn an Roinn cuardaitheoirí poist go randamach gach seachtain lena n-atreorú chuig JobPath.

**12.12** Iarrtar ar na cuardaitheoirí poist a roghnaítear freastal ar ghrúpsheisiún, áit a dtugtar eolas dóibh ar na seirbhísí atá ar fáil trí JobPath. Tar éis an tseisiúin sin, eagraítear cruinniú duine le duine le comhairleoir de chuid JobPath.

**12.13** Cuireann an comhairleoir sin Plean Dul chun Cinn Pearsanta (PDCCP) i dtoll a chéile i gcomhar leis an gcuardaitheoir poist, rud ina leagtar amach sraith beart atá in ainm cabhrú leis nó léi post a fháil. Cuirtear deiseanna cuí oiliúna agus forbartha ar fáil, mar aon le comhairle gairmthreorach. Cabhraítear leis an té CV a chur le chéile agus ullmhú le haghaidh agallamh, leis. Cabhraíonn an comhairleoir pearsanta leis an duine dífhostaithe sainaithint a dhéanamh ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ag cur cosc air post a fháil agus tugann cúnamh dó na bacainní sin a shárú.

### *Caidreamh le fostóirí*

**12.14** Chomh maith leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chuardaitheoirí poist, cuirtear seirbhísí ar fáil d'fhostóirí freisin, eadhon

- earcaíocht agus roghnúchán
- áiseanna agallaimh
- scagadh iarrthóirí
- sainoiliúint agus saintacaíocht d'fhostaithe
- bróicéireacht post agus tacaíocht in-oibre.

**12.15** Ní leagann an Roinn amach cén chaoi ar chóir do na soláthraithe seirbhíse dul i dteagmháil le fostóirí. Fágtar faoin dá sholáthraí seirbhíse nádúr agus cineál an chaidrimh le fostóirí a shocrú ag féachaint leis na torthaí fostaíochta is fearr a bhaint amach. Ní ceadmhach do na soláthraithe seirbhíse táille a ghearradh ar fhostóirí as aon seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh.[1]

## Feidhmiú na seirbhíse

**12.16** Is iad príomhchuspóirí Sheirbhís JobPath ná go mbogfadh tuilleadh daoine ón mbeochlár isteach i bhfostaíocht gan titim ar ais ar an mbeochlár arís agus go laghdófaí an fad ama a bhíonn daoine dífhostaithe. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís ardleibhéal sásaimh a bhaint amach i measc na gcuardaitheoirí poist rannpháirteacha chomh maith.

**12.17** Seo a leanas na heochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) atá leagtha amach sa chomhaontú, arb iad na táscairí a measfar Seirbhís JobPath trí thagairt dóibh

- **líon na ndaoine a thosaíonn i bpost:** líon na gcliant de chuid JobPath a bhogann isteach i bhfostaíocht — socraíonn an Roinn spriocanna feidhmíochta i ndáil le gach catagóir atreoraithe, ach is é 14% an sprioc foriomlán[2]
- **coinneáil poist:** fad ama tréimhsí marthanacha fostaíochta — níor shocraigh an Roinn spriocráta i ndáil leis na garspriocanna coinneála poist — fágadh faoi na tairgeoirí é spriocráta a leagan síos ina dtairiscint
- **meánfhad ama na dífhostaíochta** i gcás na gcuardaitheoirí poist a ghlacann páirt i Seirbhís JobPath — níor socraíodh leibhéal feidhmíochta ar leith don tomhas feidhmíochta seo
- **leibhéal sásaimh na gcliant le JobPath** mar chuid de na seirbhísí fostaíochta poiblí — níor socraíodh leibhéal feidhmíochta ar leith don tomhas feidhmíochta seo.

1 Tá prótacal caidrimh le fostóirí i bhfeidhm ag an Roinn, lena n-áirítear oifigeach caidrimh ar an leibhéal áitiúil le Seirbhís Intreo na Roinne.

2 Shocraigh an Roinn íosrátaí feidhmíochta maidir le líon na ndaoine a thosódh i bpost nua le baint amach i ngach ceann de na catagóirí a atreoraítear chuig an tseirbhís i ngach ceann de na réigiúin, agus bhí na híosrátaí sin idir 7% agus 30% ar bhonn náisiúnta. Is é 14% an meán-íosráta do na réigiúin agus do na catagóirí uile. Bunaíodh é sin ar ráta na gcuardaitheoirí poist a bhí dífhostaithe go fadtéarmach a fuair fostaíocht le himeacht na 12 mhí sular tugadh isteach JobPath, .i. 8%.

**12.18** Tá curtha in iúl ag an Roinn go bhfuil athbhreithniú eacnamaíoch mionsonraithe á dhéanamh ar Sheirbhís JobPath faoi láthair i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus tá sí ag súil go gcuirfear an tuarascáil ar an athbhreithniú sin os comhair an phobail i dtreo dheireadh na bliana. An cuspóir le tréimhse dífhostaíochta na gcuardaitheoirí poist a ghlacann páirt in JobPath a laghdú, déanfar é a thomhas mar chuid den athbhreithniú agus imscrúdú a dhéanfar ar thionchar fadtréimhseach na seirbhíse.

### *Tréchur na Seirbhíse*


**12.19** D'atreoraigh an Roinn breis is 192,000 cuardaitheoir poist chuig Seirbhís JobPath le himeacht na tréimhse ó mhí Iúil 2015 go dtí mí an Mhárta 2018. As an méid sin

- cuireadh beagnach 16,000 atreorú ar ceal sular chláraigh an duine leis an tseirbhís
- bhí PDCCP fós á aontú ag 16,000 duine amhail ag deireadh mí an Mhárta 2018 nó, tar éis dóibh a bheith atreoraithe, ní raibh teagmháil déanta acu lena soláthraí seirbhíse ainmnithe
- chuir beagán ní ba lú ná 160,000 duine PDCCP i gcrích i gcomhar le comhairleoir pearsanta.

**12.20** As na 159,429 duine aonair a chríochnaigh PDCCP sa tréimhse idir mí Iúil 2015 agus mí an Mhárta 2018, tharraing 9% siar as an gclár pleanáilte (féach Fíor 12.3). Chuir beagán ní ba mhó ná ceathrú (28%) an plean i gcrích gan post a fháil, agus bhí 43% fós i dteagmháil leis an tseirbhís amhail mí an Mhárta 2018.

**12.21** D'éirigh le duine as gach cúigear a d'aontaigh plean fostaíocht a fháil le himeacht na tréimhse. Thosaigh 18% i bhfostaíocht lánaimseartha agus 2% i bhfostaíocht pháirtaimseartha. Tá an ráta sin cuibheasach maith i gcomparáid leis an spriocráta feidhmíochta 14% a shocraigh an Roinn don tseirbhís agus leis an ráta 8% a baineadh amach sa tréimhse sular tugadh isteach Seirbhís JobPath.


**Fíor 12.3 Torthaí na gcuardaitheoirí poist a thosaigh le JobPath, Iúil 2015 go Márta 2018**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Baineann páirtaimseartha le cuardaitheoirí poist a thosaigh i bhfostaíocht pháirtaimseartha.

**Fíor 12.4 Amlíne tháscach maidir le teagmháil le Seirbhís JobPath[a]**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta a D'fhéadfadh sé go mbeadh dáta críochnaithe na seirbhíse i leith cuardaitheoir poist ní ba mhó ná 2 bhliain tar éis an chruinnithe duine le duine de bharr dháta tosaithe na fostaíochta nó de bharr go ndearna sé cúrsa oideachais nó oiliúna.


**12.22** Tá léirithe i bhFíor 12.4 an amlíne tháscach theagmhála i leith cuardaitheoirí poist a atreoraítear chuig Seirbhís JobPath. Tá na táillí a bhíonn iníoctha leis na soláthraithe seirbhíse comhdhéanta de tháille chlárúcháin a thagann chun bheith iníoctha nuair a aontaíonn an cuardaitheoir poist an PDCCP agus táillí coinnithe poist tar éis don chuardaitheoir poist tosú i bhfostaíocht, ar táillí iad a íoctar ag seachtain 13, 26, 39 agus 52 sa chás go n-éiríonn leis fanacht i bhfostaíocht lánaimseartha ar feadh na seachtainí sin.

### *Toradh na seirbhíse*

**12.23** Le toradh na seirbhíse a mheas, caithfear fanacht tamall réasúnta fada tar éis dháta atreoraithe an chuardaitheora poist le deis a thabhairt don tseirbhís dul i bhfeidhm ar chás an duine. Dá réir sin, breathnaíodh sa tuarascáil seo ar thorthaí na gcuardaitheoirí poist a atreoraíodh le linn na tréimhse go dtí deireadh 2016, dream a tháinig i dteagmháil le JobPath nár dhéanaí ná 2017/2018. (Ba chóir a thabhairt faoi deara, i gcás na gcuardaitheoirí poist a atreoraíodh le linn na tréimhse agus a thosaigh i bhfostaíocht tar éis lár 2017, nach raibh deis acu na garspriocanna coinneála poist ní ba dheireanaí a bhaint amach i leith a bhfostaíochta faoi mhí an Mhárta 2018.)

**12.24** Tá leagtha amach i bhFíor 12.5 thall na torthaí, amhail mí an Mhárta 2018, le haghaidh na gcuardaitheoirí poist a atreoraíodh chuig an tseirbhís le linn na tréimhse ó mhí Iúil 2015 go dtí mí na Nollag 2016. Sa tréimhse sin, bhí 62,631 cuardaitheoir poist i dteagmháil le Seirbhís JobPath, agus thosaigh 15,731 (25%) acu siúd i bpost a mhair tréimhse áirithe. Choinnigh 15% de na daoine a atreoraíodh an fhostaíocht ar feadh 13 seachtaine ar a laghad, 12% ar feadh 26 seachtain, 9% ar feadh 39 seachtain agus 7% ar feadh 52 seachtain ar a laghad.

**Fíor 12.5 Toradh foriomlán amhail mí an Mhárta 2018 i gcomparáid leis na rátaí tagartha feidhmíochta, bunaithe ar atreoruithe idir mí Iúil 2015 agus mí na Nollag 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Chuir 71,855 cuardaitheoir poist san iomlán plean dul chun cinn pearsanta i gcrích le himeacht na tréimhse. Mar sin féin, níor lean 9,224 leis an tseirbhís.


**12.25** Tá léirithe i bhFíor 12.6 an toradh le haghaidh gach catagóire atreoraithe i leith na gcuardaitheoirí poist a atreoraíodh chuig an tseirbhís go dtí mí na Nollag 2016. Is éard atá san fhigiúr do gach ceann de na cúig chatagóir ná comparáid idir toradh foriomlán na catagóire agus íos-spriocráta feidhmíochta na Roinne ó thaobh líon na ndaoine a thosaíonn i bpost de agus an ráta tagartha coinneála poist ag gach ceann de na garspriocanna — 13 seachtaine, 26 seachtain, 39 seachtain agus 52 seachtain.[1]

- **Grúpa 1 — dífhostaithe ar feadh 12 mhí agus ag dul isteach i ndífhostaíocht fhadtéarmach** — sháraigh líon na ndaoine a thosaigh i bpost an spriocráta feidhmíochta go suntasach ach níor baineadh amach an ráta feidhmíochta tagartha le haghaidh na ngarspriocanna coinneála poist le méid beag.
- **Grúpa 2 — dífhostaithe go fadtéarmach idir bliain amháin agus dhá bhliain** — sáraíodh an sprioc ó thaobh líon na ndaoine a thosaigh i bpost de, cé nár bhain na rátaí coinneála poist na rátaí feidhmíochta tagartha amach, arís, le méid beag.
- **Grúpa 3 — dífhostaithe idir dhá bhliain agus trí bliana** — sáraíodh an spriocráta feidhmíochta ó thaobh líon na ndaoine a thosaigh i bpost de agus an ráta tagartha coinneála poist araon.
- **Grúpa 4 — dífhostaithe ar feadh trí bliana nó níos mó** — sáraíodh an spriocráta feidhmíochta ó thaobh líon na ndaoine a thosaigh i bpost de agus an ráta tagartha coinneála poist araon.
- **Grúpa 5 — fostaithe go páirtaimseartha agus ag fáil sochair** — níor tosaíodh ar atreoruithe ach i mí na Samhna 2016 agus ní bheidh teagmháil na rannpháirtithe go léir le JobPath críochnaithe faoi mhí an Mhárta 2018. Tá léirithe ag an bhfigiúr gur sáraíodh idir an spriocráta feidhmíochta ó thaobh líon na ndaoine a thosaigh i bpost de agus na rátaí coinneála poist ag 13 seachtaine agus 26 seachtain. Cé gur baineadh amach an spriocráta feidhmíochta don gharsprioc coinneála poist ag 39 seachtain, níor baineadh amach an gharsprioc ag 52 seachtain.

**12.26** Tá san áireamh in Iarscríbhinn 12A figiúirí a léiríonn feidhmíocht an dá chonraitheoir i gcomparáid le spriocrátaí tosaithe poist na Roinne agus leis na rátaí tagartha coinneála poist.

1 Socraíodh na garspriocanna coinneála poist ag 13, 26, 39 agus 52 seachtain d'fhostaíocht lánaimseartha leanúnach. Bunaithe ar na rátaí iarbhír coinneála poist sa tréimhse sular tugadh JobPath isteach, sonraíodh sa cháipéisíocht le haghaidh an ghlao ar thairiscintí gurbh é 82% an ráta tagartha coinneála poist. Is é sin le rá gurb ionann an ráta coinneála poist ag 13 seachtaine agus 82% den líon a thosaigh i bpost, agus go bhfuil an ráta do gach uile gharsprioc coinneála ina dhiaidh sin 82% den ráta roimhe.

**Fíor 12.6 Toradh i mí an Mhárta 2018 i gcomparáid leis na rátaí feidhmíochta tagartha le haghaidh atreoruithe ó mhí Iúil 2015 go mí na Nollag 2016, de réir catagóir atreoraithe**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tosaíodh ar chuardaitheoirí poist a atreorú chuig an tseirbhís i mí Iúil 2015. Bíodh sin mar atá, níor tosaíodh ar chuardaitheoirí poist sa chatagóir ‘páirtaimseartha’ a atreorú go dtí mí na Samhna 2016 agus tá na figiúirí atá luaite i ndáil le 2016 sách íseal dá bhrí sin. Baineann an chatagóir ‘páirtaimseartha’ le cuardaitheoirí poist atá fostaithe go páirtaimseartha ach atá sa tóir ar fhostaíocht lánaimseartha.

### *Atreoruithe a cuireadh ar ceal agus a tarraingíodh siar*

**12.27** Sa tréimhse ó mhí Iúil 2015 go dtí mí an Mhárta 2018, cuireadh beagnach 16,000 atreorú ar ceal nó tarraingíodh siar iad sular tháinig an cuardaitheoir poist i dteagmháil leis an tseirbhís. Cuireadh 14,000 eile ar ceal tar éis tosú leis an tseirbhís, rud a fhágann líon iomlán na gcealuithe ag nach mór 30,000.

**12.28** Tá anailís na Roinne ar na cúiseanna leis na cealuithe tugtha i bhFíor 12.7. Bhain thart ar leath de na cealuithe le cuardaitheoirí poist a chur tús le héileamh faoi scéim leasa eile; taifeadadh nach raibh 17% réidh le tabhairt faoi JobPath; agus taifeadadh go raibh 9.3% fostaithe. Bhí breis is 13% tar éis dul le cúrsa breisoideachais.

**Fíor 12.7 Anailís ar na hatreoruithe a cuireadh ar ceal, Iúil 2015 go Márta 2018**

| An chúis leis an gcealú | Roimh thosú leis an tseirbhís | | Tar éis tosú leis an tseirbhís | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| Tosaithe ar scéim leasa | 5,396 | 34.7% | 8,892 | 62.6% | 14,288 | 48.0% |
| Gan a bheith réidh do JobPath | 4,366 | 28.0% | 677 | 4.8% | 5,043 | 16.9% |
| Tosaithe i bhfostaíocht | 2,359 | 15.1% | 409 | 2.9% | 2,768 | 9.3% |
| Ní raibh an t-éileamh á íoc fós | 1,480 | 9.5% | 1,029 | 7.2% | 2,509 | 8.4% |
| Breisoideachas nó oiliúint | 1,392 | 8.9% | 2,625 | 18.5% | 4,017 | 13.5% |
| Eile | 585 | 3.8% | 575 | 4.0% | 1,160 | 3.9% |
| **Iomlán** | **15,578** | **100%** | **14,207** | **100%** | **29,785** | **100%** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Costais agus táillí

**12.29** Na táillí a bhíonn iníoctha ag an Roinn leis na soláthraithe seirbhíse, is ar bhonn torthaí a íoctar iad. Tá siad comhdhéanta de tháille chlárúcháin a thagann chun bheith iníoctha nuair a aontaíonn an cuardaitheoir poist an PDCCP agus táillí coinnithe poist tar éis don chuardaitheoir poist tosú i bhfostaíocht, ar táillí iad a íoctar ag seachtain 13, 26, 39 agus 52 sa chás go n-éiríonn leis fanacht i bhfostaíocht lánaimseartha[1] ar feadh na seachtainí sin.

**12.30** Níl aon táillí eile iníoctha ag an Roinn leis na conraitheoirí agus baineann siad úsáid astu le gach costas a thabhaíonn i soláthar na seirbhísí a chlúdach.

**12.31** Íocadh beagán ní ba lú ná €109 milliún san iomlán ó mhí Iúil 2015 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2018. Tá leagtha amach i bhFíor 12.8 na táillí a íocadh as clárúcháin agus na táillí a íocadh as poist choinnithe, chomh maith leis an íocaíocht bhliantúil iomlán.

1 Is é an sainmhíniú a thugtar ar fhostaíocht lánaimseartha ná fostaíocht 30 uair an chloig nó níos mó sa tseachtain nó líon níos lú uaireanta ná sin sa chás gur lú gnáthlíon uaireanta an phoist ná 30 uair an chloig ach go mbíonn an t-ioncam ard a dhóthain nach mbíonn íocaíocht tacaíochta ioncaim ag teastáil ón gcuardaitheoir poist.

**Fíor 12.8 Na táillí a íocadh leis na conraitheoirí, Iúil 2015 go Márta 2018**

| | Cúis leis an íocaíocht | | |
|---|---|---|---|
| | Clárúcháin | Poist choinnithe | Iomlán na dtáillí |
| | €m | €m | €m |
| 2015 | 1.2 | — | 1.2 |
| 2016 | 22.5 | 2.7 | 25.2 |
| 2017 | 27.2 | 30.2 | 57.4 |
| 2018 | 7.4 | 17.6 | 25.0 |
| **Iomlán** | **58.3** | **50.5** | **108.8** |


Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

*Lascaine*

**12.32** De réir na gcomhaontuithe a rinneadh idir an Roinn agus na conraitheoirí, féadfar na táillí clárúcháin agus na táillí coinneála poist a lascainiú má sháraíonn an leibhéal ginearálta fostaíochta atá sa gheilleagar na leibhéil thagartha fostaíochta a leagadh síos sna comhaontuithe. Déantar an leibhéal fostaíochta a thomhas sa suirbhé ar lucht saothair na hÉireann, a tháinig in áit an tsuirbhé ráithiúil náisiúnta ar theaghlaigh in 2017.

**12.33** Tá léirithe i Fíor 12.9 na leibhéil thagartha fostaíochta a leagadh síos agus na leibhéil fostaíochta ag a bhféadfaidh an Roinn lascainí 8% nó 16% a chur i bhfeidhm ar na táillí.

**Fíor 12.9 Na leibhéil thagartha fostaíochta, 2015 – 2020 agus na leibhéil iarbhír[a] fostaíochta, 2015 – 2017**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Na leibhéil iarbhír fostaíochta anseo, is iad na leibhéil a tomhaiseadh mar chuid den suirbhé ráithiúil náisiúnta ar theaghlaigh i ráithí deireanacha 2015 agus 2016 agus den suirbhé ar lucht saothair na hÉireann i ráithe dheireanach 2017.

**12.34** Measadh gur tháinig céad bhliain an chonartha chun deiridh ar an 31 Nollaig 2016 toisc nár rolladh amach an conradh chomh gasta agus a bhíothas ag súil leis in 2015. Ba í an bhliain 2017 an chéad bhliain a bhféadfaí lascaine a chur i bhfeidhm de réir théarmaí an chonartha, agus í bunaithe ar an suirbhé ráithiúil náisiúnta ar theaghlaigh i ráithe dheireanach 2016. Chuir an Roinn lascaine 8% i bhfeidhm ar na táillí a d'íoc leis an dá chonraitheoir ó mhí Aibreáin 2017 go dtí mí na Nollag 2017.

**12.35** Chuir an Roinn in iúl i mí Mheán Fómhair 2018, tar éis di measúnacht mhionsonraithe ar staid airgeadais agus costais na gconraitheoirí a choimisiúnú, gur chuir lascainí (laistigh den raon a ndearnadh foráil dó sa chonradh) i bhfeidhm ar gach táille a íocfaí leis na conraitheoirí ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh.

### *Éilimh ar íocaíocht a dheimhniú*

**12.36** Nuair a rinneadh athbhreithniú iniúchta ar 25 éileamh ó gach conraitheoir, cinneadh go raibh fianaise bhailí ar fheidhmíocht ann le tacú leis na héilimh ar íocaíocht.

*Bailíochtú*

**12.37** Cuireann gach conraitheoir isteach liosta de na cuardaitheoirí poist a chríochnaigh PDCCP nó atá tar éis post a choinneáil ar feadh tréimhse ama is faide ná ceann de na tréimhsí garsprice (i.e. 13, 26, 39 nó 52 seachtain). Tar éis don Roinn na cásanna sa liosta sin a bhailíochtú, trína dheimhniú go bhfuil na critéir íocaíochta uile comhlíonta, is féidir leis an gconraitheoir éileamh ar íocaíocht a chur isteach.

**12.38** Tar éis breathnú ar thart ar 50,000 éileamh ar tháillí coinneála poist arna gcur isteach sa tréimhse ó mhí Iúil 2015 go mí an Mhárta 2018, chinn an Roinn go raibh 10,000 éileamh (20%) san iomlán neamhbhailí (féach Fíor 12.10). As na héilimh neamhbhailí sin, cinneadh go raibh breis is leath díobh neamhbhailí de bharr go raibh an cuardaitheoir poist ag fáil íocaíocht tacaíochta ioncaim eile ag an am céanna.

**Fíor 12.10 Na cúiseanna ar cinneadh éilimh coinneála poist a bheith neamhbhailí, Iúil 2015 go Márta 2018**

| An chúis ar cinneadh an t-éileamh a bheith neamhbhailí | Líon | % |
|---|---|---|
| Bhí an cuardaitheoir poist ag fáil íocaíocht tacaíochta ioncaim le linn na tréimhse a mbaineann an t-éileamh léi | 2,520 | 25.7% |
| Corrfhostaíocht ach i dteideal íocaíocht sochair le linn na tréimhse garsprice | 2,518 | 25.7% |
| Rinneadh éileamh nua ar an liúntas cuardaitheora poist sa tréimhse gharsprice | 473 | 4.8% |
| | 5,511 | 56.2% |
| Ar neamhréir le sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim[a] | 3,305 | 33.8% |
| Cuireadh tús leis an bhfostaíocht sular tháinig an té i dteagmháil le Seirbhís JobPath | 296 | 3.0% |
| Tuilleadh eolais ag teastáil ar nádúr agus fairsinge na fostaíochta | 123 | 1.3% |
| Eile | 553 | 5.7% |
| **Iomlán** | **9,788** | **100.0%** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Faigheann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sonraí fostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn rialta. Úsáidtear na sonraí sin leis na héilimh ar íocaíocht a fhaightear ó na conraitheoirí a bhailíochtú.

**12.39** Aon trian de na héilimh a cinneadh a bheith neamhbhailí, ní raibh siad ag teacht leis na sonraí fostaíochta arna gcur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim. Chuir an Roinn in iúl nach dtugann fostóirí fógra pras do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fhostaíochtaí nua agus, dá bhrí sin, cinntear go bhfuil cuid shuntasach de na héilimh neamhbhailí tráth a ndéantar iad a mheas den chéad uair. Sa chás go ndiúltaítear d'éileamh, is ceadmhach an t-éileamh a chur isteach arís a luaithe a bheidh na critéir comhlíonta, m.sh. nuair a bheidh sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim cothrom le dáta agus ag teacht leis an éileamh.

*Cigireachtaí*

**12.40** Tugann an Roinn cuairt ar láithreacha na gconraitheoirí le hiniúchadh a dhéanamh ar fheidhmiú na seirbhíse, ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus ar an gcaoi a gcuirtear ar fáil í. Déanann na cigirí athbhreithniú iar-íoctha ar tháillí coinneála poist chomh maith ach athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ag na conraitheoirí le tacú leis na héilimh a rinneadh agus a íocadh.

**12.41** Cuireadh tús leis na hiniúchtaí ar an láthair in 2016. Go dtí mí an Mheithimh 2018, rinneadh 62 iniúchadh san iomlán, 31 maidir le gach conraitheoir. Mhéadaigh céatadán na n-iniúchtaí gan fógra ó 15% sa bhliain 2016 go dtí 73% sa bhliain 2018.

**12.42** Seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn mar gheall ar na 28 iniúchadh a rinneadh in 2017

- Ní dhearnadh an t-athbhreithniú éigeantach ar PDCCPanna arna gcomhaontú tar éis 13, 26 agus 39 seachtain i ngach uile chás. Ag 6 cinn de na 28 láthair a ndearnadh iniúchadh orthu, níor cuireadh athbhreithnithe i gcrích nó cuireadh i gcrích go déanach iad i gcás idir 30% go 80% de na cásanna a ndearnadh iniúchadh orthu.
- I gceithre cinn de na hoifigí óna gcuirtear na seirbhísí ar fáil, ní raibh na huaireanta oscailte mar a aontaíodh.
- Nuair a dhéanann an conraitheoir éileamh ar tháille coinneála poist, éilítear air fianaise ar an bhfostaíocht a fháil agus a choinneáil le tacú leis an éileamh ar fhaitíos go ndéanfaí athbhreithniú iar-íoctha air. I 6 chás, a bhain le 4 láthair, ní raibh an fhianaise a bhí ar taifead den chineál a luadh san éileamh ar íocaíocht. Ina theannta sin, níor luadh san fhianaise ó dhá fhostóir líon na n-uaireanta a bhí á n-oibriú.

***Suirbhé sásaimh***

**12.43** D'fhostaigh an Roinn gnólacht seachtrach le suirbhéanna a dhéanamh ar dhaoine a ghlac páirt in JobPath in 2016 agus 2017 d'fhonn a fháil amach cé chomh sásta agus a bhí siad le Seirbhís JobPath ar an iomlán. I ngach suirbhé, cuireadh agallamh fóin ar bhreis is 2,000 cuardaitheoir poist a ghlac páirt in JobPath.

**12.44** Léiríonn na torthaí ón suirbhé a rinneadh in 2016 go raibh 79% de na freagróirí an-sásta nó réasúnta sásta le Seirbhís JobPath. Mhéadaigh an leibhéal sásaimh sin go 82% sa suirbhé in 2017. Tháinig méadú beag ar leibhéal na ndaoine a bhí measartha míshásta nó an-mhíshásta leis an tseirbhís, ó 6% in 2016 go 7% in 2017.

**12.45** Fiafraíodh de na freagróirí cé chomh maith is atá Seirbhís JobPath i gcomparáid leis an tseirbhís a chuireann Oifigí Intreo na Roinne ar fáil agus bhí 54% de na freagraí dearfach in 2016 agus 42% in 2017. Mhéadaigh líon na bhfreagróirí a thug freagra neodrach ar an gceist sin ó 31% in 2016 go 52% in 2017, cé gur laghdaigh an líon a thug freagra diúltach ó 15% go 7%.

## Conclúidí

**12.46** Seirbhís nua is ea Seirbhís JobPath atá á cur ar fáil ó mhí Iúil 2015 ag dhá chuideachta a chlúdaíonn réigiúin 'Thuaidh' agus 'Theas' na tíre i ndáiríre. Íocadh táillí €109 milliún san iomlán leis na cuideachtaí sin ó cuireadh tús leis an tionscadal go dtí mí an Mhárta 2018, agus iad bunaithe ar a bhfeidhmíocht ó thaobh pleananna dul chun cinn pearsanta a chur i bhfeidhm agus poist a choinneáil de.

**12.47** Faoi Sheirbhís JobPath, bhí líon na ndaoine a thosaigh i bhfostaíocht (daoine a thosaigh i bpost) ní b'fhearr ná an sprioc a shocraigh an Roinn. Bhí líon na ndaoine a bhí in ann na poist sin a choinneáil (coinneáil poist) ar aon dul, a bheag nó a mhór, le feidhmíocht na Roinne féin le blianta beaga anuas ag gach ceann de na príomh-gharspriocanna, .i. 13 seachtaine, 26 seachtain, 39 seachtain agus 52 seachtain.


**12.48** Tá bonn réasúnta ag an Roinn faoi na príomhthoisí feidhmíochta a roghnaíodh agus faoi na spriocanna a socraíodh do Sheirbhís JobPath. Bíodh sin mar atá, is deacair an rud é toradh na seirbhíse a mheas ar bhonn tráthúil de bharr go dtógann sé suas le dhá bhliain ar chuardaitheoir poist a theagmháil leis an tseirbhís gníomhachtaithe fostaíochta a chur i gcrích.


**12.49** Chuir an Roinn lascaine 8% i bhfeidhm ar na táillí a íocadh leis na conraitheoirí i leith na tréimhse ó mhí Aibreáin 2017 go dtí mí na Nollag 2017 ós rud é gur sháraigh líon na ndaoine a bhí i bhfostaíocht go náisiúnta na leibhéil truiceartha lascaine a sonraíodh sa chonradh.


**12.50** Bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar éilimh a íocadh, cinneadh go raibh fianaise bhailí ar fheidhmíocht ann le tacú leis na híocaíochtaí.

## Iarscríbhinn 12A

**Fíor 12A.1 Cuideachta A — Toradh i mí an Mhárta 2018 i gcomparáid leis na rátaí feidhmíochta tagartha le haghaidh atreoruithe ó mhí Iúil 2015 go mí na Nollag 2016 — de réir catagóir atreoraithe**









I gcás chuideachta A, sáraíodh rátaí tagartha na Roinne i mbeagnach gach garsprioc i ngach grúpa. Ba iad an gharsprioc coinneála poist 52 seachtain do DFFT 12 mhí agus na grúpaí páirtaimseartha na heisceachtaí.


Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tosaíodh ar chuardaitheoirí poist a atreorú chuig an tseirbhís i mí Iúil 2015. Bíodh sin mar atá, níor tosaíodh ar chuardaitheoirí poist sa chatagóir ‘páirtaimseartha’ a atreorú go dtí mí na Samhna 2016 agus tá na figiúirí atá luaite i ndáil le 2016 sách íseal dá bhrí sin. Baineann an chatagóir ‘páirtaimseartha’ le cuardaitheoirí poist atá fostaithe go páirtaimseartha ach atá sa tóir ar fhostaíocht lánaimseartha.

**Fíor 12A.2 Cuideachta B — Toradh i mí an Mhárta 2018 i gcomparáid leis na rátaí feidhmíochta tagartha le haghaidh atreoruithe ó mhí Iúil 2015 go mí na Nollag 2016 — de réir catagóir atreoraithe**




I gcás chuideachta B, sáraíodh spriocrátaí feidhmíochta na Roinne i ndáil le líon na ndaoine a thosaigh i bpost i ngach uile ghrúpa. Cé gur comhlíonadh nó gur sáraíodh na rátaí tagartha coinneála poist i gcás na ngrúpaí 'DFFT Idir 2 agus 3 bliana' agus 'DFFT níos mó ná 3 bliana', níor baineadh amach iad i gcás na ngrúpaí eile.

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tosaíodh ar chuardaitheoirí poist a atreorú chuig an tseirbhís i mí Iúil 2015. Bíodh sin mar atá, níor tosaíodh ar chuardaitheoirí poist sa chatagóir 'páirtaimseartha' a atreorú go dtí mí na Samhna 2016 agus tá na figiúirí atá luaite i ndáil le 2016 sách íseal dá bhrí sin. Baineann an chatagóir 'páirtaimseartha' le cuardaitheoirí poist atá fostaithe go páirtaimseartha ach atá sa tóir ar fhostaíocht lánaimseartha.